


# BRANAR Straitéis

2022 –2025

arts council
an chomhairle ealaíon
funding theatre

Cruthaíodh an plean straitéiseach seo leis
an deontas Capacity Building 2020 ò Chomhairle
Ealaíon na hÉireann.

**Cruthaithe** – Branar
**Dearadh** – Red&Grey
**Léiriú** – Robbyn Gray
**Priontáil** – Booxs
**Foilsithe** – Feb. 2022



# BRANAR Straitéis
2022 –2025

## Brollach

# BRANAR

Fáilte chuig an gcéad straitéis de chuid Branar. Tá athrú agus forbairt tagtha ar an gcomhlacht ó bunaíodh é 21 bliain ó shin agus tugann an straitéis seo léargas cuí, cuimsitheach ar an áit a bhfuil muid faoi láthair agus ar an aistear atá romhainn as seo go ceann ceithre bliana. Is ceiliúradh ar ár bhféiniúlacht atá ann, mar aon le léarscáil intinne.

I gcroílár Branar tá an t-aitheantas a thugann muid do pháistí, ar shaoránaigh dá gcuid féin iad le cearta agus riachtanais shainiúla agus a bhfuil ról ríthábhachtach acu. I ré seo na héiginnteachta domhanda, le ceisteanna móra á gcur orainn faoinár gcaidreamh leis an gcomhshaol, an daonlathas, cearta sóisialta agus féiniúlacht, tá daoine cumhachtacha uainn. Creideann muid go dtugann na healaíona cumhacht do pháistí na cruinne. Tugtar ardmholadh oscailte, gan náire don saothar ealaíne dár saoránaigh bheaga sa straitéis seo. Tá muid tiomanta do chluas éisteachta a thabhairt dóibh. Ní mór éisteacht lena riachtanais agus ár gcuid oibre a chur in oiriúint dóibh. Cuirfimid a nguthanna chun cinn agus muid ag plé féidearthachtaí móra na n-ealaíon lenár gceannairí, le lucht beartais agus le gach duine fásta.

Cruthaíonn teagmháil leis na healaíona spás don draíocht is do dheiseanna. Lenár gcuid oibre cruthóidh muid deiseanna do dhaoine óga domhainmhachnamh a dhéanamh, scéalta a chloisteáil, comhbhá a chothú agus a bheith ag brionglóideach.





Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, cruthóidh muid saothar ceannródaíoch ar ardchaighdeán a dhéanann ceiliúradh ar an ealaín iontach atá tuillte ag daoine óga, is cuma cé chomh beag is atá siad.

Le saothar ealaíne den chéad scoth a chruthú caithfimid ealaíontóirí den chéad scoth a chumasú, agus tá na healaíontóirí féin de dhlúth agus d'inneach na hoibre a dhéanann muid. Creideann muid inár n-ealaíontóirí. Is iad ár gcomhghleacaithe, ár gcairde, ár gcomrádaithe agus ár gcomharbaí iad. Leanfaidh muid orainn ag déanamh infheistíochta i bhforbairt na n-ealaíontóirí ar mian leo saothar a chruthú do lucht féachana óg agus tabharfar cuireadh dóibh obair a dhéanamh inár stiúideonna agus a bheith páirteach inár gcompántais taibhealaíne.

Mar fhocal scor, ní mór dúinn a bheith mórchroíoch agus mórfhíseach chun compántas gairmiúil a dhéanann freastal ar na saoránaigh is lú dá bhfuil againn a reáchtáil. Mar eagraíocht, is mian linn ceiliúradh a dhéanamh ar an oscailteacht agus an trédhearcacht inár gcuid oibre agus ár gcompántas a stiúradh de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde. San am céanna, faoi stiúir paiseanta Mharc, cosnóidh muid na spásanna fáiltiúla, spraíúla ina samhlaíonn agus ina n-insíonn ár bhfoireann iontach scéalta nua, ceannródaíocha dár saoránaigh bheaga.

Ar aghaidh linn!

Bord Branar
**Dr Micheal Finneran** (Cathaoirleach)
**Marc Mac Lochlainn** (Rúnaí)
**Rhona Matheson**
**Jennifer Loftus**
**Mary Carty**
**Lali Morris**

# Réamhrá

BIs ann do Branar chun eispéiris ealaíon iontacha a chruthú do pháistí le go gcothófar iad agus a gcuid samhlaíochta. Tá imeartas focal i gceist leis an ráiteas seo, dar ndóigh. Is aoibhinn linn a bheith ag spraoi leis an teanga agus tá an spraoi sin lárnach ionainn féin agus inár gcuid oibre – ceann dár mbunluachanna ná a bheith spraíúil. Is ionann Branar agus iontas is ionadh, a bheith iontach agus sa tóir ar an iontas.

Bhí sé feiliúnach, mar sin, agus scór bliain curtha dínn ag Branar, straitéis a chur le chéile agus an aidhm sin a chur chun cinn. Theastaigh uainn ár gcuspóirí, ár bhfís, ár misean, ár luachanna, ár mianta agus na roghanna a dhéanfar agus muid sa tóir ar an iontas, ar an uile bhealach, as seo go ceann ceithre bliana a leagan amach go soiléir. Is cúis mhór áthais agus ábhar mórtais é domsa ár gcéad straitéis a roinnt libh.

Le fís shoiléir, is ag neartú agus ag tógáil ar go leor atá ar siúl againn cheana féin a bheas muid. Léiríonn an trí mhórchuspóir atá againn ár mianta i dtaca le cruthú agus roinnt na healaíne agus é a chur ar chumas níos mó páistí taitneamh a bhaint as saothar ealaíne d'ardchaighdeán; i dtaca leis an soláthar ealaíne ar ardchaighdeán do pháistí a chur chun cinn, ar bhonn polasaí agus praiticiúil; agus i dtaca lenár gcumas ár dtodhchaí féin a chinntiú. Tá neart le bheith ag tnúth leis sa tréimhse amach romhainn: dlúth-theagmháil le páistí lena samhlaíocht agus lena dtaithí a shníomh isteach inár gcuid oibre, cur chuige nuálach a ghlacadh





agus muid ag fiosrú bealaí nua ár gcuid oibre a chruthú agus a chur ar fáil dár lucht féachana cibé áit a bhfuil siad. Ar an ábhar sin, táimid ag tnúth go mór le filleadh ar bhóthar na camchuairte arís ach ar bhealach a imríonn tionchar níos lú ar an gcomhshaol agus le comhpháirtíochtaí cruthaitheacha nua a fhorbairt agus cinn sheanbhunaithe a threisiú, ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá an comhoibriú agus an comhshaothar de dhlúth agus d'inneach ár gcleachtais. Dá réir sin, táimid ag súil le méadú a dhéanamh ar na deiseanna a chruthaíonn muid trí **Meitheal** chun acmhainní agus saineolas a roinnt agus le tacaíocht a thabhairt dár gcomhghleacaithe agus do ghlúin nua taibhealaíontóirí ar mian leo saothar den chéad scoth a chruthú do pháistí agus daoine óga. Thairis sin, den chéad uair déanfaidh muid iarracht daoine fásta a chumasú agus a spreagadh i dtreo ár gcuid oibre agus na n-ealaíon trí chéile.

Leagtar amach go soiléir sa straitéis seo a thiomanta atá muid glór an pháiste a shníomh trínár gcleachtas cruthaitheach. Táimid ag súil le tógáil ar an obair a dhéanann muid le páistí, agus le comhghleacaithe acadúla agus earnála, teacht ar an mbealach is fearr chun é sin a bhaint amach, ar son leas an phobail.

Sna blianta amach romhainn cuirfidh muid ár nglór féin chun cinn le dúthracht, beidh muid glórach, agus méadóidh muid ár ról mar urlabhraithe ar son an chomhionannais agus acmhainní cuí ealaíne don óige. Tugtar meas agus moladh d'earnáil na healaíne don óige as an obair a dhéanann muid. Faoin tráth seo, faraor, ní leor an t-aitheantas sin. Tá polasaí uainn. Tá dea-chleachtas córasach uainn. Ní mór dóibh siúd atá i gcumhacht gníomhú ar son an choinbhinsiúin ar ghlac siad leis 30 bliain ó shin agus an 'soláthar do dheiseanna cuí agus comhionanna' ealaíne do pháistí a chur chun cinn. Beidh sé mar mhórchuspóir dár n-iarrachtaí abhcóidíochta gníomhú ar son lárionad cultúrtha do pháistí in iarthar na hÉireann. Creideann muid go bhfuil a leithéid de cheart acu.

Ar cheann dár bpríomhluachanna ná an seasamh láidir a ghlacann muid ar son na dea-ealaíne do pháistí. Seasann an láidreacht seo taobh leis an gCrógacht, an Flaithiúlacht, an Spraoi agus an Ionracas. Focail shimplí ar idéil mhóra. Cuireann siad ár mianta agus na hiarrachtaí a dhéanann muid gach lá iad a bhaint amach in iúl go soiléir. Mar chomhlacht, ní sheachnaíonn muid an obair chrua agus tá an t-uafás bainte amach ag ár bhfoireann bheag. Thug an straitéis seo deis dúinn machnamh a dhéanamh ar na slite gur féidir linn inbhuanaitheacht ár gcuid oibre agus ár modhanna oibre a chinntiú. Tugtar tús áite don fhorbairt acmhainní agus do neartú na gcleachtas agus na bpróiseas a ligeann dúinn a bheith lán le hiontas chun aidhmeanna na straitéise seo a bhaint amach.

Mar fhocal scor, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a chuidigh le forbairt na straitéise seo. An chiall atá le 'Branar a dhéanamh' ná éacht a bhaint amach. Táimid ag tnúth go mór le héachtaí a bhaint amach, le hiontas a chruthú. Tá an Branar curtha.

Stiúrthóir Ealáine
**Marc Mac Lochlainn**





Branar, - air, m.,a fallow field; the loose surface of a grubbed field *(called also cac ar aghaidhin M.); Ag déanamh branair*, turning up the surface of land, fig. Doing great things, uprooting or upsetting things; *Goirtín branar*, a little fallow field; the loose surface of a fallow field was burned and the ashes spread as manure; *"Cionnur atá an branar?" "Mhuire cuibhearach ; cuid de curtha gan dóghadh is cuid de dóighte gan cur"* "How is the fallow?" "Well only middling; some of it planted without having been burnt, and some of it burnt without having been planted" (Wat.); corn was generally sown in fallow fields; *fearann branair*, fallow land; act of clearing the lea surface; *fig.* of writing, *etc.*

## Cé muid féin

Tá Branar Téatar do Pháistí ar cheann de phríomh-hchompántais amharclannaíochta na hÉireann a chruthaíonn saothar ealaíne do pháistí. Lonnaithe in iarthar na hÉireann, tá cáil ar Branar as an tsárobair álainn, shamhlaíoch a dhéanann muid i nGaeilge agus lasmuigh de theorainneacha teanga.

Bhunaigh Stiúrthóir Ealáine an chomhlachta, Marc Mac Lochlainn, Branar in 2001 agus tá os cionn 20 seó cruthaithe againn sa tréimhse sin. Oibríonn muid go dlúth le foireann iontach ealaíontóirí agus le comhpháirtithe cruthaitheacha éagsúla ar nós The Ark, Baboró, NIE (Sasana), Starcatchers (Albain), Teater Refleksion (An Danmhairg) agus le príomhionaid agus féilte ealaíne na hÉireann. Téann an compántas ar camchuairteanna náisiúnta agus idirnáisiúnta lenár gcuid oibre a chur ar stáitse go fonnmhar in ionaid ealáine éagsúla ón South Bank Centre i Londain go scoileanna áitiúla na Gaillimhe. Táimid tiomanta ár lucht féachana a bhaint amach, cibé áit a bhfuil siad. De dheasca na géarchéime sláinte Covid, chruthaigh muid sainghné dhigiteach oibre agus tá súil againn tógáil air sin amach anseo.

Cuireann muid romhainn i gcónaí na hacmhainní agus an saineolas atá ag Branar a roinnt lenár gcomhgleachtaithe agus leis an gcéad ghlúin eile de thaibhealaíontóirí. Le roinnt blianta reáchtáil muid an scéim forbartha gairmiúil *Seónna Bídeacha*, rinne muid bainistiú ar an Ag Roinnt Theatre Resource Sharing Scheme agus chuir muid deiseanna meantóireachta ar fáil. In 2021, mar aitheantas ar





dhúthracht agus ar shaineolas Branar sa chineál seo comhoibre, roghnaíodh muid mar cheann de thrí eagraíocht a ghlac páirt i scéim phíolótach Seirbhísí Léiriúcháin Chruthaithigh de chuid na gComhairle Ealaíon. Scéim dhá bhliana de chuid an chomhlachta é Meitheal, a bhfuil sé mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt do thaibhealaíontóirí neamhspleácha agus saothar d'óige na hÉireann á fhorbairt, á chruthú agus á chur i láthair acu.

Tá nasc ag Branar leis an ASSITEJ – *International Association of Theatre for Children and Young People* agus is ball muid de *Theatre for Young Audiences Ireland, Theatre Forum, UNIMA – Union Internationale de la Marionette* agus *Business 2 Arts.*

Tá Branar faoi stiúir bhord deonach de seisear (an Cathaoirleach san áireamh) a cheaptar do thréimhsí trí bliana, suas go naoi mbliana ar a mhéad. Soláthraíonn foireann bheag ach iontach ealaíne agus riaracháin obair Branar. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal é Branar. Faoi láthair tá muid ag lorg stádas carthanachta.



# Comhthéacs Polasaí

Is ann do pholasaithe éagsúla i réimse na n-ealaíon agus na hóige sa chomhthéacs ina bhfuil Branar ag feidhmiú. Aithneofar aidhmeanna agus tosaíochtaí na bpolasaithe sin inár gcuid oibre sna blianta amach romhainn. Thairis sin, tabharfaidh muid aird ar pholasaithe agus ar straitéisí ábhartha áitiúla nó náisiúnta eile a thagann chun cinn thar thréimhse na straitéise seo:

Tá dhá mhóraidhm ag straitéis 10 mbliana na **Comhairle Ealaíon, Saothar Ealaíon Iontach a Tháirgeadh:** tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí 'le saothar sármhaith a chruthú a mbaintear taitneamh as agus atá luachmhar' agus 'go mbaine níos mó daoine taitneamh as taithí ealaíon d'ardchaighdeán'. San áireamh sa dara haidhm seo tá cuspóir ar leith i dtaca le 'pleanáil agus soláthar do leanaí agus daoine óga'.

Leagann an **Chomhairle Ealaíon** béim faoi leith ar a **mBeartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht**, a bhfuil sé mar aidhm aige 'iarracht chun meas agus tacaíocht a thabhairt do gach guth agus cultúr atá in Éirinn an lae inniu, as gach cuid den tsochaí, ó phobail reatha agus nua, agus ó gach cúlra sóisialta, eitneach agus traidisiún'.

Chomh maith leis sin, teastaíonn ón g**Comhairle Ealaíon** cur i bhfeidhm a mbeartais **Luach Saothair don Ealaíontóir** a chinntiú, a bhfuil sé mar fhís aige 'timpeallacht a chruthú inar féidir le healaíontóirí saothar barr feabhais a dhéanamh ina léirítear uaillmhian agus ina bhfaighidh siad luach saothair cuí'.

Tá sé mar aidhm ag an gclár rialtais **Éire Ildánach** 'tacú le nuálaíocht i gcruthaitheacht, folláine agus i dtionscail chruthaitheacha,' agus tá an sainchlár **Óige Ildánach**, ar mian leis forbairt an duine óig mar shaoránaigh 'lán le brí agus samhlaíocht' a chur chun cinn, i gcroílár na straitéise sin.

Tháinig deireadh le beartas **Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile** na **Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige** in 2020 ach meastar go mairfidh na haidhmeanna agus an tionchar a bhain leis.

Tá sé de chuspóir ag an **gCreat Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus iad a bheith rannpháirtíoch i ndéanamh cinntí** de chuid **Hub na nÓg** tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí ar mian leo a gcleachtas a fheabhsú i dtaobh éisteacht le páistí agus daoine óga agus ionchur sa phróiseas cinnteoireachta a thabhairt dóibh.

Is straitéis 10 mbliana uile-Rialtais é **Na Chéad 5** le caighdeán saoil leanaí, páistí óga agus a dteaghlaigh a fheabhsú. Tá sé mar aidhm aige tús iontach sa saol agus taithí dearfacha luatha a chinntiú do chuile pháiste.

Is comhthogra idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán agus an Chomhairle Ealaíon é **Cairt na nEalaíon san Oideachas** chun na healaíona a chur chun cin sa chóras oideachais.

Leagann **Forógra Assitej** amach na gníomhartháí a theastaíonn le go mbeidh rath ar pháistí ina gcuid teagmhála leis na healaíona agus cuireann sé chun cinn Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, a éilíonn cluas éisteachta do pháistí agus cinntí á ndéanamh a bhfuil tionchar acu orthu.

Fógraíonn **Airteagal 31 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh** (1989):

1. Aithníonn Stát-Pháirtithe ceart an linbh scíth agus fóillíocht a bheith aige nó aici, a bheith páirteach in imeachtaí súgartha agus caitheamh aimsire atá oiriúnach dá n-aois agus a bheith rannpháirteach sa saol cultúrtha agus sna healaíona.

2 . Tabharfaidh Stát-Pháirtithe urraim do, agus cuirfidh siad chun cinn ceart an linbh a bheith iomlán rannpháirteach sa saol cultúrtha agus ealaíon agus spreagfaidh siad soláthar do dheiseanna cuí agus comhionanna do ghníomhaíochtaí cultúrtha, ealaíon, caitheamh aimsire agus áineasa.



CUSPÓIR #1

## Níos mó páistí ag baint taitnimh as eispéiris ealaíon d'ardchaighdeán

CUSPÓIR #2

## Go mbeadh ealaín agus eispéiris ealaíon d'archaighdeán lárnach i gcúrsaí polasaí agus cleachtais

CUSPÓIR #3

## Todhchaí cinnte, inbhuanaithe don chomhlacht

## Cuspóirí Straitéise

CUSPÓIR #1

# Níos mó páistí ag baint taitnimh as eispéiris ealaíon d'ardchaighdeán



Cén fáth?

Creideann muid go mba cheart go mbeadh óige den scoth ag gach páiste agus go mba cheart go mbeadh ealaín den scoth do pháistí mar chuid de sin. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach saothar don lucht féachana seo a chruthú. Leanfaidh muid orainn ag cruthú ealaíne do pháistí agus cuirfidh muid le tionchar ár gcuid oibre tríd an gcleachtas nuálaíoch agus trí chomhpháirtíochtaí cruthaitheacha. Cuirfidh muid na páistí iad féin i gcroílár an phróisis chruthaithigh le bheith cinnte go gcothóidh ár saothar a gcuid samhlaíochta agus le dearbhú a thabhairt dá dtaithí phearsanta. Le dul i bhfeidhm ar níos mó páistí ní mór go mbeadh níos mó ealaíontóirí ag cruthú ealaín iontach, uaillmhianach agus shamhlaíoch agus níos mó daoine fásta ag éascú teagmháil na bpáistí leis na healaíona.





Aidhmeanna

**Mórshaothair uaillmhianacha nua a chruthú le linn thréimhse na straitéise seo.**

**Saothar nua de sheánraí éagsúla a choimisiúnú ó ealaíontóirí den chéad scoth, rud a chuirfidh le cumhacht agus tionchar ár gcuid oibre.**

**Camchuairteanna náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh le freastal ar pháistí cibé áit a bhfuil siad. Déanfar é seo ar bhealach inbhuanaithe, a laghdóidh an tionchar ar an gcomhshaol.**

**Comhpháirtíochtaí cruthaitheacha a chruthú agus a chothú a chinnteoidh caighdeán agus beocht ár gcuid oibre agus a thacóidh le fás agus le héagsúlú ár luchta féachanna.**

**Rianú a dhéanamh agus cruth a chur ar an gcaoi a ndéanann muid guth an pháiste a chur chun cinn agus a dhearbhú inár gcleachtas ealaíne.**

**Meitheal, sainchlár tacaíochta agus forbartha cleachtais d'ealaíontóirí neamhspleácha ar mian leo saothar a chruthú don óige, a bhunú.**

**Cumas agus muinín daoine fásta chun páistí a chur i dtreo ár gcuid oibre a mhéadú.**

Torthaí

Cruthófar bailiúchán saothar le healaíontóirí iontacha i réimsí éagsúla agus ar árdáin nua, agus dá barr tiocfaidh méadú agus claochlú ar ár lucht féachana agus ar an gcaoi a dtéann muid i bhfeidhm orthu. Seasfaidh ár gcuid oibre nua taobh lenár stór saothar seanbhunaithe a bhfuil beocht ann fós agus a rachaidh ar camchuairt ar bhealach a thagann lenár bpolasaí comhshaoil. Cuirfear le hobair an chomhlachta trí shraith chomhpháirtíochtaí agus trí smaointí na bpáistí a chur san áireamh inti. Trí Mheitheal tabharfar tacaíocht do chohórt nua taibhealaíontóirí atá ag cruthú saothair don óige agus méadófar ár gcumas forbartha féin chomh maith. Tabharfar spreagadh do spriocghrúpa daoine fásta leasmhara chun na páistí atá faoina gcúram a chur i dteagmháil lenár gcuid oibre.

## Cuspóirí Straitéise

CUSPÓIR #2

# Go mbeadh ealaín agus eispéiris ealaíon d'archaighdeán lárnach i gcúrsaí polasaí agus cleachtais

Cén fáth?

In 1992 dhaignigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, a aithníonn ceart an pháiste *'a bheith iomlán rannpháirteach sa saol cultúrtha agus ealaíon'* agus chuige sin chuir siad rompu *'soláthar do dheiseanna cuí agus comhionanna do ghníomhaíochtaí cultúrtha, ealaíon, caitheamh aimsire agus áineasa'* a chur chun cinn. Tá bóthar fada siúlta againn ó shin ach níl aitheantas iomlán, comhionann ag cearta cultúrtha an pháiste fós. Is mian linn gníomhú ar son an chultúir, na gcoinníollacha agus an mhaoinithe a theastaíonn chun na cearta sin a chinntiú. San áireamh sa chuspóir seo tá sainionad cultúrtha do pháistí i nGaillimh. Tá muid ag iarraidh seanléirithe spéise a athmhúscailt agus gníomh a chothú ar son pháistí iarthar na hÉireann agus níos faide i gcéin.






Aidhmeanna

**Feasacht a ardú i measc lucht polasaí, comhghleacaithe, na meán agus an phobail i dtaca le ról lárnach na n-ealaíon i saol an pháiste, i gcomhpháirt le heagraíochtaí a bhfuil an dearcadh céanna acu.**

**Gníomhú ar son chomhionannas measa agus maoinithe ealaíne do pháistí agus daoine óga.**

**Cás a dhéanamh ar son fhorbairt sainionad cultúrtha do pháistí i nGaillimh.**

**Páirt a ghlacadh I dtaighde a chuireann leis an tuiscint atá againn faoi ról lárnach na n-ealaíon I saol an pháistí agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta a chur chun cinn.**



Torthaí

Beidh tuiscint níos fearr agus meas níos mó ar an ealaín do pháistí agus daoine óga agus cuirfear tacaíocht chomhionann ar fáil trí pholasaithe agus cleachtais go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tabharfaidh ár gcomhghleacaithe aitheantas do Branar as ár ról san éileamh seo. Rachaidh an léargas a gheobhaidh muid ón taighde agus ó chomhghleacaithe idirnáisiúnta go mór chun leasa an chomhlachta agus na hearnála, ag forbairt tuiscintí agus ag spreagadh uaillmhéine. Baileoidh muid an tacaíocht chuí agus deimhneoidh muid na pleananna do shainionad cultúrtha do pháistí i nGaillimh.

## Cuspóirí Straitéise



CUSPÓIR #3

# Todhchaí cinnte, inbhuanaithe don chomhlacht

Cuspóir #3



Cén fáth?

Tá éacht déanta ag foireann bheag ach iontach Branar le fiche blian anuas a bhuí lena gcumas agus a n-uaillmhian. Agus muid ag tosú amach ar an gcéad deich mbliana eile le haidhmeanna agus mianta soiléire, ní mór dúinn acmhainní an chomhlachta a mhéadú agus infheistíocht a dhéanamh inár mbranda agus sna daoine, sna polasaithe agus sna cleachtais a chabhróidh linn barr ár gcumais a bhaint amach. Chruthaigh ár rannpháirtíocht sa chlár RAISE deiseanna nua dúinn i dtéarmaí cothaithe ioncaim agus ní mór dúinn teacht i dtír orthu sin. Cinnteoidh an cuspóir seo go ndíreofar ar na gnéithe éagsúla a chuirfidh le rath leanúnach an chomhlachta.

Aidhmeanna

**Ár gcroífhoireann a chothú agus a neartú, a gcumas agus a muinín i gcur i bhfeidhm na straitéise seo a mhéadú agus a bhfolláine sa láthair oibre a chinntiú.**

**Próifíl agus sainscileanna an Bhoird Stiúrtha a leathnú agus a éagsúlú.**

**Foinsí ioncaim éagsúla inbhuanaithe a aithint agus a chinntiú le tacaíocht a thabhairt dár gcuspóirí straitéiseacha.**

**Polasaí Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le go mbeidh an comhlacht cothrom, fáiltiúil agus neamhchlaonta i ngach a dhéanann muid.**

**Polasaí Comhshaoil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le cumas agus cleachtas inbhuanaithe an chomhlachta a chinntiú.**

**Infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí cumarsáide straitéiseacha chun ár mbranda a neartú, ár seasamh a láidriú agus ár dtionchar a chinntiú.**

**Cleachtais athbhreithnithe agus athmhachnaimh a chur i bhfeidhm le cuspóirí, éifeachtúlacht agus tionchar ár gcuid oibre a chinntiú.**

Torthaí

Beidh Bord Stiúrtha agus Foireann ag Branar leis an tsamhlaíocht, an saineolas agus an tionchar cuí chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm. Athróidh próifíl ioncaim an chomhlachta le méadú ag teacht ar mhaoiniú reachtúil agus príobháideach ó pháirtnéirí éagsúla. Cuirfear an dea-chleachtas rialachais agus bainistíochta agus polasaithe cuí i bhfeidhm, le béim speisialta ar Luach Saothair don Ealaíontóir agus ar ár bpolasaithe Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe agus Comhshaoil. Méadófar próifíl agus tionchar branda Branar agus aithneofar muid mar cheann de phríomhshaineolaithe an tsaothair do pháistí agus daoine óga. Rachaidh an cleachtas machnamhach, atá lárnach inár gcur chuige reatha, chun leasa ár gcuid oibre.

# Cróga

*Cróga sna roghanna a dhéanann muid*

# Láidir

*Láidir i gcur chun cinn na n-ealaíon ar ardchaighdeán do pháistí*

# Flaithiúil

*Flaithiúil lenár modhanna oibre*

# Spraíúil

*Spraíúil inár gcur chuige*

# Dílis

*Dílis dár bhféiniúlacht*




**Luachanna**

## Cad dó a sheasann Branar

## Cuspóir

# Cén fáth a bhfuil Branar ann agus ár n-ionchur uathúil

Cuspóir








# Cruthaíonn muid eispéiris ealaíon ionta-cha do pháistí le go gcothó-far iad agus a gcuid sam-hlaíochta

# An t-idéal a bhfuil Branar ag obair ina threo

Cuspóir








## Táimid ag tnúth le todhchaí ina ndéantar fiosracht, comhbhá agus cruthaitheacht gach páiste in Éirinn a chothú tríd an teag-mháil le heispéiris ealaíon iontacha, mar shaoránaigh chomhionanna dhomhanda

# Cad a dhéanann Branar chun ár bhfís a bhaint amach

Misean







# Eispéiris ealaíon iontacha a chruthú do pháistí agus daoine óga agus labhairt amach ar son níos mó deiseanna ealaíon don óige

## Branarórga

### 01
**Tá ár gcroíthe istigh sna scéalta. Geallann muid scéalta a chruthú a mbainfidh páistí taitneamh astu.**


### 02
**Beidh muid cróga, láidir, flaithiúil, mórchroíoch, spraíúil agus dílis dár bhfís. Spreagfaidh muid páistí a bheith amhlaidh trínár gcuid oibre.**

# BRANARógra

### 04
**Geallann muid go gcruthóidh muid ealaín lán le hiontas do pháistí. Creideann muid go mba cheart go mbeadh an ealaín lárnach i saol an pháiste.**

### 05
**Cabhróidh muid le daoine eile ealaín lán le hiontas a chruthú do pháistí agus oibreoidh muid le healaíontóirí spreagúla eile chun ealaín lán le hiontas a chruthú do pháistí.**

### 08
**Tabharfaidh muid ómós do shamhlaíocht agus d'éirim an pháiste agus agus ní dhéanfaidh muid uasal le híseal orthu choíche.**







### 03
**Creideann muid go bhfuil féith na cruthaitheachta i ngach páiste. Cuirfimid ceart an pháiste a bheith cruthaitheach chun cinn.**




### 06
**Cuirfidh muid páistí i gcroílár ár gcuid oibre i gcónaí. Is iad ár lucht féachana agus na saineolaithe a bhfuil a dtuairimí uainn iad.**

### 07
**Tabharfaidh muid lántacaíocht don ealaín do pháistí; go mbeidh tuiscint níos fearr uirthi, go mbeidh a spás féin aici agus go gcuirfear acmhainní cuí ar fáil di.**

### 09
**Creideann muid go mba cheart do chuile pháiste ar a laghad dráma amháin a fheiceáil sa bhliain. Déanfaidh muid ár ndícheall an deis sin a chur ar fáil do pháistí na hÉireann.**

### 10
**Tabharfaidh muid aire don chomhshaol daoibh. Déanfaidh muid cinnte go bhfágfar plainéad glan, folláin agaibh le bheith ag spraoi ann.**


Woolly's Quest



The Way Back Home



Spraoi



Rockin Rhymes



An Seanfhear Beag


The Shape of Things




Maloney's Dream



Sruth na Teanga



Rothar



How to Catch a Star



Mise Scéal Cailín



Bláth



’Twas the Night Before Christmas